CINNEADH (AE) 2021/1835 ÓN gCOMHAIRLE

an 6 Deireadh Fómhair 2021

lena gceaptar beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint do na tograí ó Rialtas na Spáinne,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

(3) Tá suíocháin bheirt chomhaltaí mhalartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Ignacio Jesús AGUADO CRESPO a cheapadh agus tar éis do Mikel IRUJO AMEZAGA éirí as oifig.

(4) Mhol Rialtas na Spáinne na daoine a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: José Francisco HERRERA ANTONAYA, *Director General de Cooperación con el Estado y la Unión Europea, Comunidad de Madrid* (Ard-Stiúrthóir um Chomhar leis an Stát agus leis an Aontas Eorpach, Pobal Mhaidrid) agus Sergio PÉREZ GARCÍA, *Director General de Acción Exterior, Gobierno de Navarra* (Ard-Stiúrthóir Gnóthaí Eachtracha Rialtas Navarra),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo ceaptar na daoine seo a leanas, ar ionadaithe de chomhlachtaí réigiúnacha iad atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

— José Francisco HERRERA ANTONAYA, *Director General de Cooperación con el Estado y la Unión Europea, Comunidad de Madrid* (Ard-Stiúrthóir um Chomhar leis an Stát agus leis an Aontas Eorpach, Pobal Mhaidrid);

— Sergio PÉREZ GARCÍA, *Director General de Acción Exterior, Gobierno de Navarra* (Ard-Stiúrthóir Gnóthaí Eachtracha Rialtas Navarra).

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

([2]) Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 6 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. VIZJAK